

Cosc ar thobac

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin gcosc ar thobac in Éirinn. Sula bhféachann tú ar an tuairisc áfach, an féidir leat na focail seo a cheangal le chéile?

1. láthair oibre	a. preparing
2. cuir i bhfeidhm	b. to dispel
3. ag ullmhú	c. population
4. reachtaíocht	d. support material
5. an ruaig a chur	e. workplace
6. dea-shampla	f. decreased
7. iniúchadh	g. good example
8. daonra	h. unhealthy
9. laghdaithe	i. implement
10. míshláintiúil	j. investigation
11. ábhar tacaíochta	k. legislation

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Ceist 2

Tabhair buille faoi thuairim faoi ábhar na tuairisce sula bhféachann tú uirthi. Ansin, féach ar an mír den chéad uair le fáil amach an raibh an ceart agat.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus ceangail an t-eolas ar chlé leis an eolas cuí ar dheis.

1. 10 mbliana...	a. ...cosc a chur ar chaitheamh tobac i ngluaisteáin
2. Tá an rialtas ag ullmhú reachtaíochta chun...	b. ...7% le deich mbliana anuas.
3. Lean tíortha eile Éire...	c. ...a bhfuil asma orthu.
4. Tá an rialtas ag déanamh iniúchadh...	d. ...ó cuireadh cosc ar thobac in áiteanna oibre in Éirinn.
5. Táthar ag iarraidh pacáistí toitíní a athrú...	e. ...chun cuidiú leo siúd ar mhaith leo éirí as na toitíní.
6. Tá líon na ndaoine a chaitheann laghdaithe...	f. ...le fiosrú conas caitheamh tobac a dhéanamh neamhghnách
7. Tá difríocht mhór déanta i saol daoine...	g. ...ionas go bhfeicfidh daoine an damáiste a dhéanann toitíní.
8. Táthar ag iarraidh tuilleadh eolais a chur ar fáil...	h. ...mar chuir siad cosc ar chaitheamh tobac freisin.

1	2	3	4	5	6	7	8

Ceist 4 ‘...**an**-dul chun cinn...’ agus ‘...**mí**shláintiúil...’

- A. Cad is brí leis na réimíreanna thuas?
- B. Déan ransú intinne leis an duine in aice leat faoi na rialacha a bhaineann leo. Tugaigí an oiread samplaí agus is féidir.

Ceist 5 Aimsigh na focail / frásaí sa tuairisc a bhfuil an mhalairt brí acu leis na cinn seo thíos. Cuir in abairtí ansin iad lena mbrí a léiriú.

theip chomh holc sin air –
méadaithe –
lasmuigh –
míshásta –
sláintiúil –
fadó –

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. An bhfuil aithne agat ar éinne a chaitheann tobac?
2. An gcaitheann tú féin tobac? Cén fáth?
3. An mbeadh riail mar sin (cosc ar chaitheamh tobac sa ghluaisteán) ag cur isteach ar chearta an duine, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
e	i	a	k	b	g	j	c	f	h	d

Ceist 2

Déan iarracht an rang a chur ag caint faoi ábhar na míre sula seinntear é. Cuir an tuairisc ar siúl ansin.

Ceist 3

1	2	3	4	5	6	7	8
d	a	h	f	g	b	c	e

Ceist 4

A.

an- (very)

mí (un-, in-)

B.

- Cuirtear séimhiú ar an gconsan a leanann *an-*, ach amháin má thosaíonn an t-ainmfhocal le *d, t, l, s,* nó *n*. Mar shampla: an-mhór ach an-sásta.
- Ní thagann aon athrú ar ainmfhocail a thosaíonn le guta tar éis *an-*. Mar shampla: an-óg, an-aosta agus an-aibí.
- Cuirtear séimhiú ar an gconsan a leanann *mí-*, agus ní bhíonn aon fhleiscín i gceist de ghnáth. Mar shampla: míshláintiúil agus míbhuntáiste.
- Ní thagann aon athrú ar ainmfhocail a thosaíonn le guta tar éis *mí-*, ach bíonn fleiscín ann i gcónaí. Mar shamplaí: mí-aibí, mí-ádh agus mí-oiriúnach.

Ceist 5

theip chomh holc sin air – *d'éirigh chomh maith sin leis*

méadaithe – *laghdaithe*

lasmuigh – *laistigh*

míshásta – *sásta*

sláintiúil – *míshláintiúil*

fadó – *amach anseo*

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá deich mbliana ann ó cuireadh an cosc tobac a chaitheamh ar an láthair oibre i bhfeidhm sa tír seo. Anois, tá an rialtas ag ullmhú reachtaíochta chun cur leis seo, is é sin cosc a chur ar chaitheamh tobac i ngluaisteáin ina mbeadh leanaí agus i gclósanna¹ spraoi chomh maith.

Sorcha Ní Riada

Tá sé deich mbliana ó shin anois ó cuireadh an ruaig ar lucht caite tobac ó thithe tábhairne agus tithe ósta ar fud na tíre. D'éirigh chomh maith sin leis gur lean tíortha eile ar fud na cruinne an dea-shampla leagtha amach ag an dtír² seo. Tá an rialtas anois ag déanamh iniúchadh ar shlite eile, féachaint le hé a dhéanamh neamhghnách go bhfeicfí daoine ag caitheamh tobac.

James Reilly, TD, An tAire Sláinte

Tá an-dul chun cinn déanta againn agus an chéad chéim eile ná na billí chun an pacáiste a aistriú, ionas go mbeidh pictiúir ann ag taispeáint an damáiste a dhéanann an tobac do dhaoine. Agus céim eile ná ag cur cosc ar chaitheamh tobac i ngluaisteáin ina mbíonn daoine nó páistí.

Bríd Ní Laoithe, Riarthóir Ash Ireland.

Tá difríocht mhór tagtha ar shaol na ndaoine in Éirinn le deich mbliana, abair, cur i gcás, deich mbliana ó shin bhí 29% den daonra ag caitheamh tobac ach anois tá sé laghdaithe go 21%. So, sin difríocht mhór laistigh de dheich mbliana. Níl daoine sásta cur suas le caitheamh tobac a thuilleadh, is dóigh liom, in áiteanna sóisialta, mar tuigeann siad anois cé chomh míshláintiúil atá sé. Agus, chomh maith... daoine le galair ar nós asma, agus mar sin, tá difríocht mhór déanta aige do shaol na ndaoine sin.

Sorcha Ní Riada

Táthar ag iarraidh tuilleadh ábhar tacaíochta a chur ar fáil le cabhrú leo siúd atá ag iarraidh éirí as na toitíní amach anseo. Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath.

¹ clóis atá sa Chaighdeán Oifigiúil

² ag an dtír a deirtear i gcanúint na Mumhan; ag an tír atá sna cantúintí eile.